

‘NÍ MAR A SHÍLTEAR ÍBÍOTSA...’

Breathnaíonn Tom Jeffers ar an gcéad leabhar le Labhrás Ó Finneadha, Íbíotsa, a nochtann an éagsúlacht saoil ar oileán gréine

Cnuasach gearrscéalta is ea *Íbíotsa*, an chéad leabhar ficsein le Labhrás Ó Finneadha agus é foilsithe ag Cois Life. ‘Scéilíní fánacha’ atá i gceist de réir an bhlúire ar chúl an leabhair agus is cinnte go bhfuil raon fairsing téamaí agus carachtar sna scéalta ann. Is iad turasóirí agus carachtair Éireannacha is mó a chastar orainn in *Íbíotsa*, ach fite fuaite leis na scéalta faoi na ‘trághnáthóirí,’ tarraingíonn an t-údar ár n-aird ar thíreolaíocht an Oileáin Bhailéaraigh, ar a chultúr dúchais agus ar mheon a mhuintire.

Pléitear le cultúr na hÉireann in áit choimhthíoch agus cuirtear i gcomparáid le cultúir an oileáin agus cultúr na hEorpa i gcoitinne é, iniúchadh á dhéanamh, b’fhéidir, ar fhís na hEorpa agus mar a réitíonn saoránaigh an Aontais lena chéile.

Is iad na hógánaigh, as Éirinn agus as an oileán féin, atá chun cinn sna gearrscéalta seo. In ‘Dlúthpháirtíocht na mBan,’ agus in ‘Tatú,’ faighimid spléachadh ar na hÉireannaigh óga a mbíonn dóchas acu, dúil ar leith iontu agus iad i bhfad ón mbaile, faoin ngrian, i measc slua eachtrannach. Téann Ó Finneadha i ngleic leis an meon a bhíonn againn i leith an dreama seo agus i leith na háite, agus tugann léargas tuisceanach suimiúil ar an gcineál saoire a chaitheann na mílte i ndiaidh an Ardteist a dhéanamh – ach ní hé an ‘seal faoin ngrian, seal ag snámh agus seal ag siúl go stradúsach’ atá i ndán do gach pearsa sa saothar seo.

Tagann carachtair ‘Dlúthpháirtíocht na mBan’ in inmhe agus iad ag iarraidh éalú ó ghnáthamh na saoire. Cé nach n-éiríonn leo dul chomh fada leis na bailte dúchasacha i lár an oileáin (le go bhfaighidís spléachadh ar an gcineál saoil atá le feiceáil sna scéalta ‘Pluais an Tobac’ agus ‘Plás an Óil’), eachtra corraitheach í gan aon agó a thugann an triúir cairde le chéile.

Níl an t-údar chomh tuisceanach céanna, áfach, i leith fhír óga na hÉireann in ‘Tatú’. Cuirtear scata amadán anabái os ár gcomhair (t-léine ar dhuine amháin acu ‘á maisiú leis an scríbhinn: Seas dom a Stór agus seasfaidh Seáinín duit’), iad lán de bhaothchaint agus téististéarón. É sin ráite, is saibhir (agus is suarach) focail agus maslaí na leibidí úd, a chuireann cuma *Inbetweeners* na hÉireann orthu: ‘má tá leithéidí siúd –

a bhfuil cosa go hascaillí uirthi – sásta coinne a dhéanamh anseo, ní bheidh maírg ortsa’.

Sa scéal ‘Cuairt Ghairid,’ is ógfhear adharcach – ‘smaointe ag cur eiteoga ar a chroí, as a raibh an fhuil ag preabadh chuig an mball borrrtha a fhágann na mílte in aithreachas thar éis baothghníonh aon oíche’ – atá ina príomhcharachtar agus feictear dom, arís, gur beag muinín atá ag an údar sna fir óga, cibé an Éireannaigh nó Eorpaigh iad. Ach ábhar tromchúiseach atá á phlé sa scéal seo – claontacht cine agus gnéis – mar a théann comhghleacaí soiniúil i bhfeidhm ar an bpríomhphearsa shaonta, é cinnte nach bhfuil i ndán don bhean ghorm dhathúil ach saol cruu na striapai:

An ag éalú ón gcrútan sa Nigéir, b’fhéidir, a bhí sí, agus saol na bhfuíoll geallta san

Eoraip di? ... Ar phós sí fear a chur faoi deara di a corp a dhíol? ... Ar tugtha do dhrugaí atá sí agus go gcaithfidh sí an t-airgead a fháil as áit éigin?

Más searbhas agus aigne chúng na sochaí a léiríonn Ó Finneadha in ‘Cuairt Ghairid,’ faigheann muid faoiseamh óna leithéid in ‘Plás an Óil’. Déanann seanbhean cairdeas le scata ógánach i ndiaidh di éirí bréan den chineál chúlchainte a chuirfeadh an Cadhnach i gcuimhne duit:

mná eile na comharsanachta a bhailíodh le chéile san iarnóin agus nach mbíodh aon ábhar caint acu ach an chaoi a raibh a gclann féin ag déanamh go breá anseo nó ansiúd agus an t-ádh a bheith orthu mac a bheith fós faoi dhíon an tí acu – murach bhean an mhic a bheith sleamchúiseach sa ghnó seo nó sa ghnó eile.

Is beag imní a dhéanann sé do Doña Maria, príomhcharachtar an scéil, agus is cliste an nasc a dhéantar idir í féin, a d’fhás aníos ‘roimh aimsir na dturasóirí,’ agus aos óg an oileáin a fheiceann na mílte turasóirí drabhlásacha ag teacht i dtír bliain i ndiaidh bliana.

In ‘Dalladh,’ feicimid mar a théann saol beag an oileáin i ngleic leis na strainséirí a thagann i dtír. Is beag taithí, mar shampla, atá ag garda sibhialta áitiúil ‘Dalladh’ ar a bheith ag déileáil le corpáin (go háirithe nuair nach bhfuil pas ná cárta aitheantais ná leid ar bith faoi cé hé féin) ná ar ‘bholadh an bháis’ (a ‘lín a phollairí nó gur iompaigh sé a ghoile’). Cé go ngéilleann an t-údar don eachtra mór anseo (seachas ‘eachtraí beaga an tsaoil,’ mar a mhaítear ar chúl an leabhair), tá guth cancrach na n-oileánach le clos i gcúlra an scéil, ag cur síos ar na cuairteoirí ‘nach bhfuil in ann taitneamh a bhaint as an tsaoire anseo gan muca a dhéanamh díobh féin leis an ól’.

Fásann cairdeas idir ‘Seanchomráidithe’ i scéal deiridh an leabhair. Beirt charachtar nach mbeadh mórán dá leithéidí le feiceáil i litríocht na Gaeilge atá i gceist – Éireannaigh cholscartha a bhfuil an deis acu tabhairt faoi athmhuintearas (ach nach shin atá ar intinn acu, ar ndóigh). Léargas maith a fhaighimid ar éiginnteacht na pearsantachta seo chomh maith

Má tá leithéidí siúd – a bhfuil cosa go hascaillí uirthi – sásta coinne a dhéanamh anseo, ní bheidh mairg ortsa

le taobh dorcha an oileáin a bhíonn ag bagairt ar thurasóirí.

Sa scéal ‘An Mhaidhm,’ feicimid an neamhaird a dhéanann na strainséirí úd ar áilleacht nádúrtha an oileáin nó go mbaineann an nádúr féin díoltas amach orthu. Shílfeá gur bhain an t-údar taitneamh áirithe as slad a dhéanamh ar an dream déistíneach seo: ‘tráthghnáthóirí gairmiúla ... muintir thuaisceart na hEorpa ... a thugann bogróstadh na gréine dóibh féin le cúram is le cáiréis’. Ainneoin a ghráin ar an gcoitiantacht, is é an teannas millteach a chruthaíonn Ó Finneadha is suntasaí in ‘An Mhaidhm’; is ann is fearr a thaispeánann sé an cumas scríbhneoireachta agus scéalaíochta ann. Bhí mé sáite i ndomhan cúng an scéil de réir mar a mhéadaigh an eachtra: ‘Tá rud éigin amuigh ansin nach deachomhartha ó Dhia é, agus más i dtír a thiocfaidh, tagadh!’

Tá bua na scéalaíochta, agus rian an tseanchais, le brath ar ‘Pluais an Tobac’ agus ar ‘Rúndiamhair San Siriac’ sa chaoi is go meabhródh siad scéalta sí do dhuine. Bíonn dúil an-difriúil ag an sagart Éireannach a théann chomh fada le hÍbítsa a bhuí le comórtas raidió. Is aistí go mór ná *trip* aon druga an ceann a dhéanann sé siúd agus é leaindeáilte caol díreach isteach i gcath fíochmhair meánaoise. Arís anseo, tá traidisiún na scéalaíochta le feiceáil i scríbhneoireacht Uí Fhinneadha – na leathanaigh lán uaimhe, comhfhuaimhe agus rithime: ‘an lucht léanmhar a bhí ag leagan na laochra seo ar lár’.

In ‘Pluais an Tobac’ is é cur síos mion an údair ar thíreolaíocht agus ar chultúr ceilte an oileáin a sheasann amach. Is taitneamhach agus is corraitheach na heachtraí mídhleathacha faoi thalamh agus ar muir a thiteann amach le linn na n-óicheanta dorcha; na fiontraithe ag súil nach lasfar na tinte foláirimh sula mbeadh a mbeart déanta. Ach tugtar léargas ar mheon paradacsúil mhuintir an oileáin freisin:

B’aisteach leis an bealach a bhí le muintir na háite: ní raibh deacracht ar bith acu brabach a bhaint as an ngnó a bhí ar siúl ag na fiontraithe nuair a bhí earraí le hiompar faoi choim trasna an oileáin de shiúil oíche ... ach ar ordú ón ngarastún, bhí siad sciobtha go maith ag lasadh a dtinte foláirimh a shoilseodh an cuan in imeacht ceathrú uaire an chloig.

Is beag machnaimh a dhéanaimid ar an gcineál eachtra seo, eachtraí beaga faoi chultúr ceilte oileáin. Glacaimid leis

go bhfuil cur amach sách domhain againn ar Ibiza agus a leithéid. Seans gur tionchar na teilifíse nó scéalta ó chairde a chuireann ina luí orainn go bhfuil aithne againn ar áiteanna nach bhfuil feicthe againn riamh. I gcás Ibiza, bímid ag súil le rómánsaíocht, féastaí fiáine, drugaí, coiriúlacht; ní smaoinimid ar ghnátheachtraí ná ar ghnáthshaol na ndaoine, ar stair ná ar chultúr na háite. Is baolach go ligfear i ndíchuimhne iad.

Téann Labhras Ó Finneadha i ngleic leis an meon seo. Den chuid is mó fanann sé amach ó na scéalta gáifeacha a bhainfeadh siar asat; is taitneamhaí na scéalta a bhaineann le heachtraí suaracha na saoire ná na cinn a dhíríonn ar thubaiste nó atá ag iarraidh geit a bhaint asainn. Is é is cúis leis seo, dar liom, ná an cumas atá ag Ó Finneadha gnáthchomhrá agus gnáthchaidreamh agus gnáthcharachtair a mhúnlú. Ní aircitíipí iad: tá rian láidir na fírinne le brath orthu.

Is suimiúil, agus is tráthúil freisin, an spléachadh agus an scagadh a fhaighimid ar an Éireannachas agus ar an ‘Eorpachas’ in *Íbítsa*. Agus fíis na hEorpa i mbaol, fiafraítear dinn: an bhfuil féiniúlacht Eorpach ann ar chor ar bith, nó céard é i ndáiríre a chruthaíonn ceangal idir grúpa amháin agus grúpa eile? Agus muid ag breathnú i dtreo chomórath céad bliain Éirí Amach na Cásca, fiafraítear dinn: cé dó a sheasann muintir na hÉireann?



IBÍOTSÁ
LABHRAS Ó FINNEADHA
COIS LIFE (2015) | 130 LCH | ISBN 9781907494536 | €10

ÉIRIC

COLÚN LÉIRMHEASA
LE GRÉAGÓIR Ó DÚILL

GINEALACH ULTACH
PÓL Ó MUIRÍ

COISCÉIM (1993) | 47 LCH | €4

AR FAONOSCAILT
BERNADETTE NIC AN TSAOIR

COISCÉIM (2015) | 49 LCH | €7.50



Seo arís dhá chnuasach thanaí ag filí a bhfuil meas áirithe ar a saothar ach nach n-áirítear go minic sa chéad rang iad. Is fiú, mar sin féin, iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Bíodh agus gur foilsíodh an dá leabhar breis agus fiche bliain óna chéile, is dóigh liom gur i gcomparáid lena chéile is mó a fheicimid a dtéamaí agus a dtréithre. Ní hannamh sin, gurb amhlaidh go gcaitheann saothar file léargas ar shaothar file eile, agus dá réir sin ní cuí an ‘Éiric’ seo a bhunú ar bhailiúcháin aonair, ceann